Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022
(OR. en)

9742/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0123(NLE)**

**SCH-EVAL 69**
**SIRIS 59**
**COMIX 286**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9741/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 a rinneadh ar **Mhálta** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen** |

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú a ghlacadh, rinne na Ballstáit agus an Coimisiún meastóireacht ar Mhálta in 2021 maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht sin agus a áiritheoidh go gcuirfidh Málta na rialacha Schengen uile a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

3. D’fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 1 Meitheamh 2022.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 9741/22 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.